AN LONGFORT
Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council
CONNECTED
People · Place · Opportunity

# Fógra Príobháideachais
## Acmhainní Daonna

Ag Acmhainní Daonna Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air
**Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. **Oscail d'aip cheamara**
2. **Frámáil an cód QR**
3. **Cliceáil ar an mír aníos**

# Fógra Príobháideachais
# **Acmhainní Daonna**


## Cén fáth a bpróiseálann Acmhainní Daonna sonraí pearsanta?

Próiseálaimid sonraí pearsanta (faisnéis) ionas gur féidir linn fostaithe, oibrithe deonacha, conraitheoirí agus daoine aonair eile atá mar chuid d'fhórsa oibre Chomhairle Chontae an Longfoirt a bhainistiú.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Acmhainní Daonna?

**Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:**

- Ainm
- Seoladh Baile
- Dáta breithe
- Uimhir chláraithe cánach
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Seoladh ríomhphoist
- Uimhir theileafóin
- Sonraí airgeadais
- Teastas breithe
- Sonraí fostaíochta
- Sonraí sláinte
- Íomhánna (mar shampla, ar ár n-ardáin meán sóisialta) nó íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle
- Faisnéis choiriúil
- Sonraí oideachais agus oiliúna
- Ceadúnas tiomána
- Pas
- Ballraíocht i gceardchumainn
- Sonraí aoisliúntais (pinsean)







## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

**Tá ceithre chás ann ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:**

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tugann tú do thoiliú dúinn d'fhaisnéis a úsáid | Chun iarratas a dhéanamh ar bhliain oibre níos giorra |
| Riachtanach chun conradh a chomhlíonadh | Chun teagmháil a dhéanamh leat nó do cháilíochtaí agus do thaithí a dheimhniú |
| Tá dualgas dlíthiúil orainn | Chun cloí leis an reachtaíocht fostaíochta |
| D'fhonn conradh a aontú | Agus sinn ag íoc as soláthairtí nó seirbhísí |



## Cé leis a roinnfidh Acmhainní Daonna do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Biúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
- Baill an bhoird agallaimh
- Imscrúdaitheoirí
- Idirghabhálaithe
- Ionadaithe dlíthiúla
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- Comhairleoirí leighis
- My Pay (soláthraí seirbhíse párolla)
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Sainchomhairleoirí sláinte ceirde
- Údaráis áitiúla eile
- Fostóirí roimhe seo
- Moltóirí
- Ionaid oiliúna réigiúnacha
- Soláthraithe seirbhíse tríú páirtí amhail cuideachtaí TF
- Ionadaithe ceardchumainn
- Éascaitheoirí oiliúna
- An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid sonraí in Acmhainní Daonna, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**

